An Binse Achomhairc Fostaíochta
Employment Appeals Tribunal

An Binse Achomhairc Fostaíochta

Tuarascáil Bhliantúil

2017

Arna chur faoi bhráid an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta faoi
Alt 39 (18) de na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2014

Clár na nÁbhar

Brollach an Chathaoirligh 3

Comhaltaí agus comhdhéanamh an Bhinse Achomhairc Fostaíochta 2017 4

Díscaoileadh an Bhinse Achomhairc Fostaíochta 5

Athlonnú go Teach Lansdún 5

Staitisticí cásanna 6

Achomhairc chuig na Cúirteanna níos Airde 6

Cinntí an Bhinse Achomhairc Fostaíochta 6

Aguisín 1: Liosta Leabhrán agus Treoirlínte 8

Ráiteas Misin

'Modhanna saora atá réasúnta neamhfhoirmiúil a chur ar fáil chun breithniú a dhéanamh ar dhíospóidí maidir le cearta fostaíochta faoi chorpas reachtaíochta a thagann faoi raon feidhme an Bhinse'.

Brollach an Chathaoirligh

A Aire, a chara,

Tá áthas orm an 50ú Tuarascáil Bhliantúil den Bhinse Achomhairc Fostaíochta a chur faoi do bhráid don bhliain 2017, de réir Alt 39(18) de na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2014.

Bliain chinniúnach ab ea í seo ag an mBinse toisc gurb í sin an bhliain dheireanach inar fheidhmigh an Binse. Mar thoradh ar an bpróiseas athchóirithe um Chaidreamh san Ionad Oibre, tá an Binse ag cur deireadh lena cuid oibríochtaí de réir a chéile ón 1 Deireadh Fómhair 2015 i leith. Ón dáta sin, taisctear na héilimh chéadchéime faoin reachtaíocht éagsúil um chearta fostaíochta sa Choimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre agus déantar achomhairc a thaisceadh sa Chúirt Oibreachais. Bhí an Binse ag obair ar a chásualach oidhreachta agus in 2017 críochnaigh sé a chuid oibre. Seachas líon beag cásanna atá ar feitheamh lena réiteach i gcúirteanna níos airde, tá obair an Bhinse críochnaithe. Nuair a bheidh na cásanna atá fágtha críochnaithe, déanfar an Binse a dhíscaoileadh go foirmiúil.

I nDeireadh Fómhair 2017, athshuíodh obair iarmharach an Bhinse Achomhairc Fostaíochta chuig áitreabh na Cúirte Oibreachais i dTeach Lansdún, Baile Átha Cliath 4. Tá líon beag d'fhoireann agus de Bhaill an Bhinse ar fáil i gcónaí chun na cásanna atá fágtha a chur chun cinn de réir mar is gá agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine acu as a dtiomantas le linn thráth deiridh seo an Bhinse.

Gabhaim buíochas leis an Aire agus leis an Roinn as obair an Bhinse a éascú trí acmhainní a sholáthar in 2017. Gabhaim buíochas leis an gCúirt Oibreachais freisin as a réidhe is ar ghlac siad obair iarmharach an Bhinse chucu féin.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach Comhalta as a fheabhas ar fhóin siad don Bhinse go dtí an t-am seo nuair atá ár mbliain dheireanach buailte linn.

Is mise le meas,



Kate T O'Mahony
Cathaoirleach

Comhaltaí an Bhinse 2017

Chathaoirleach	Joe Revington S.C.	Dermot Peakin	Phil Ní Sheaghdha
Kate T O'Mahony B.L.	Nicholas Russell	Pat Pierce	Owen Nulty
LEAS-CHATHAOIRLEACH	Tom Ryan	Peter J Pierson	Seamus O'Donnell
Kieran Buckley	Jeremiah Sheedy	William Power	Michael O'Reilly
Pamela Clancy	Joseph Smith (CR)	John Reid	Ciaran Ryan
Charles Corcoran B.L.	Tony Taaffe	Máire Sweeney	Dave Thomas
Eithne Coughlan (CR)	Patrick Wallace (CR)	Liam Tobin	Paddy Trehy
Ann-Marie Courell B.L.		Jean Winters	Owen Wills
Fiona Crawford B.L.		**PANEL NA BHFOSTAITHE**	Paddy Woods
Emile Daly B.L.	**PANEL NA BHFOSTÓIRÍ**	Frank Barry	
Dorothy Donovan B.L.	Gerry Andrews	Tom Brady	**Rúnaí an Bhinse**
Catherine Egan B.L.	Joe Browne	Eveta Brezina	Frances Gaynor Uasal
John Fahy B.L.	Michael Carr	Al Butler	
James Flanagan B.L.	Frank Cunneen	Finbarr Dorgan	
Veronica Gates B.L.	Moss Flood	James Dorney	
Myles Gilvarry	Angela Gaule	Noel Dowling	
Bernadette Glynn	Tom L Gill	Patsy Doyle	
Dara Hayes B.L.	James Goulding	John Flannery	
Graham Hanlon	Eamon C Handley	John Flavin	
Eamon Harrington	Don Hegarty	Tom J Gill	
David Herlihy	James Hennessy	Noirin Greene	
Patrick Hurley	John Horan	Helen Henry	
Elva Kearney B.L.	Ben Kealy	Thomas A Hogan	
Margaret Levey B.L.	J J Killian	James Jordan	
James M Lucey	Con Lucey	Hilary Kelleher	
Dermot MacCarthy S.C.	Gerry McAuliffe	Suzanne Kelly	
Orna Madden B.L.	Cyril McHugh	Frank Keoghan	
Roderick Maguire B.L.	Finbar Moloney	Rosabel Kerrigan	
Mary McAveety	Don Moore	Sean Mackell	
Jeananne McGovern B.L.	Desmond Morrison	Michael McGarry	
Penelope McGrath B.L.	Roger F Murphy	Alice Moore	
Saundra McNally	Michael Noone	Joe Maher	
Fintan J Murphy (CR)	William O'Carroll	Mary Maher	
Eamonn Murray	Tom O'Grady	Dominic McEvoy	
Niamh O'Carroll Kelly B.L.	Aidan O'Mara	Jim Moore	
Jeremiah O'Connor	James O'Neill	Maire Mulcahy	
Peter J O'Leary B.L.	Neil Ormond	Helen Murphy	

[1] **(CR)** is tagairt é sin do Cláraitheoir Contae
[2]D'éirigh Moya Doherty, Paddy Woods agus Owen Nulty as a bpoist in 2017.

1. Díscaoileadh an Bhinse Achomhairc Fostaíochta

1.1 An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015

Faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 (Uimh. 16 de 2015), cuireadh deireadh le feidhmeanna an Bhinse Achomhairc Fostaíochta i ndáil le héilimh nó achomhairc nua agus níor taisceadh aon chás den sórt sin leis an mBinse ón 1ú lá de Dheireadh Fómhair 2015. Ghlac an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC), *inter alia*, feidhmeanna céadchéime an Bhinse Achomhairc Fostaíochta. Tá dlínse achomhairc aonair ag an gCúirt Oibreachais anois i ngach díospóid a eascraíonn faoi achtacháin chearta fostaíochta. Tá na héilimh nua agus na hachomhairc nua go léir maidir le cearta fostaíochta á dtaisceadh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus leis an gCúirt Oibreachais faoi seach ón 1 Deireadh Fómhair 2015.

Choinnigh an Binse an fheidhm a bhí aige maidir le cur chun feidhme moltaí na gCoimisinéirí um Chearta ach tá sé i gceist go dtiocfaidh deireadh leis an bhfeidhm sin freisin.

1.2 Díscaoileadh an Bhinse Achomhairc Fostaíochta

Tá na cásanna a thaisceadh leis an mBinse roimh an 1 Deireadh Fómhair 2015 ('cásanna oidhreachta') á thabhairt chun críche ag an mBinse féin. I rith 2017, d'oibrigh an Binse chun a chásanna oidhreachta a chur chun cinn agus dá thoradh sin lean sé ar aghaidh ag obair go comhthreomhar leis na struchtúir nua. Ag deireadh na bliana, ní raibh ach líon beag cásanna fós le héisteacht ag an mBínse agus tá imeachtaí sibhialta comhthreomhara i gceist sa chuid is mó acu sin. Tá sé ar intinn ag an mBinse an obair seo a chríochnú chomh héifeachtúil agus is féidir chun go bhféadfar é a dhíscaoileadh de réir Chuid 6 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre.

2. Athlonnú go Teach Lansdún

I nDeireadh Fómhair 2017, athlonnaíodh obair iarmharach agus pearsanra iarmharach an Bhinse go Teach Lansdún. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an rúnaíocht ag:

An Binse Achomhairc Fostaíochta **Teil: 01 6313085**
Teach Lansdún **Ríomhphost: eat@dbei.gov.ie**
Bóthar Lansdún
Baile Átha Cliath 4
LáithreánGréasáin: **www.workplacerelations.ie**

3. Staitisticí Cásanna

3.1 Cásanna Oidhreachta a Cuireadh de Láimh in 2017

Chuir an Binse 632 cás de láimh in 2017.

AN CINEÁL CÁIS	IOMLÁN A CUIREADH DE LÁIMH
Na hAchtanna um Íocaíocht Iomarcaíochta 1967-2014	58
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973-2005	65
Dífhostú Éagórach	167
Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984-2012	-
An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997	16
Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais 1994 agus 2004	-
An tAcht um Íoc Pá 1991	321
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994-2014	5
Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006	-
IOMLÁN	632

3.2 Cásanna a Tarchuireadh in 2017

Ní bhfuair an Binse ach 1 iarratas chun cinneadh na gCoimisinéirí um Chearta a chur i bhfeidhm.

3.3 Cásanna atá le tabhairt chun críche

Ag deireadh na bliana 2017, bhí 108 cás oidhreachta fágtha a bhí le tabhairt chun críche ag an mBinse. Táthar ag súil go gcuirfear bailchríoch orthu siúd le linn 2018.

4. Achomhairc chuig na Cúirteanna níos Airde

Féadfar cinntí an Bhinse, faoi roinnt Achtanna, a achomharc ar phointe dlí chun na hArd-Chúirte. In 2017, tugadh fógra don Bhinse faoi **3** chás Ard-Chúirte, lena n-áirítear Athbhreithnithe Breithiúnacha agus cásanna a tarchuireadh ar phointe dlí, ina raibh siad ina páirtí ainmnithe.

Féadfar cinntí an Bhinse i gcásanna faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach a achomharc chuig an gCúirt Chuarda laistigh de shé seachtaine ón dáta a gcuirtear na Cinntí in iúl do na

páirtithe. Tá an nós imeachta maidir le Cinntí Binse a achomharc leagtha amach i Rialacha na Cúirte Cuarda (www.courts.ie). Tá foráil sna rialacháin go gcuirfear an Binse ar an eolas faoin tarchur agus faoi thorthaí na gcásanna a ndéantar achomharc fúthu chuig an gCúirt Chuarda. Ó fhaisnéis a soláthraíodh, cuireadh thart ar 46 cás (idir chásanna achomhairc agus cásanna forfheidhmithe) ar aghaidh chuig an gCúirt Chuarda.

5. Cinntí an Bhinse

Coinníonn an Binse Clár poiblí dá Thorthaí agus dá Chinntí, faoi mar a éilíonn an reachtaíocht. Bíonn an Clár oscailte lena iniúchadh, saor in aisce, ag aon bhall den phobal le linn gnáthuaireanta gnó ina chuid oifigí i dTeach Lansdún. Tá na cinntí ar fáil freisin ar an láithreán gréasáin www.workplacerelations.ie.

Aguisín 1: Liosta de Leabhráin agus de Threoirlínte an Bhinse Achomhairc Fostaíochta

Tá na leabhráin/na Treoirlínte thíos le fáil ar leathanach an Bhinse Achomhairc Fostaíochta ar www.workplacerelations.ie mura luaitear a mhalairt.

1. 'Treoirlínte d'Fhostaithe, Fostóirí agus Cleachtóirí a thagann os comhair an Bhinse Achomhairc Fostaíochta' [Deireadh Fómhair 2015] (*ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla*)

2. Cairt Seirbhíse do Chustaiméirí 2015 (*ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla*)

3. Nósanna imeachta achomhairc agus feidhmiúcháin atá oscailte d'fhostaithe a ndéanann an Binse Achomhairc Fostaíochta cinntí fúthu [leagan Iúil 2013] (*ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla*)

4. Nósanna imeachta achomhairc agus cur chun feidhme atá oscailte d'fhostóirí a ndéanann an Binse Achomhairc Fostaíochta cinntí fúthu [leagan Iúil 2013] (*ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla*)

5. Scéim na Gaeilge 2015-2018 (*ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla*)

6. Scéim Foilseacháin um Shaoráil Faisnéise 2016-2019 (*ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla*)

7. Tuarascálacha Bliantúla an Bhinse Achomhairc Fostaíochta ó 2000 i leith (leagan Gaeilge ó 2009 i leith)